AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN TEASTAS SÓISEARACH

STAIDÉAR GNÓ

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

AN TEASTAS SÓISEARACH

AIDHMEANNA AGUS PRIONSABAIL

1. Tá sé mar aidhm ghinearálta le hoideachas cur le forbairt gach gné a bhaineann leis an duine aonair, lena n-áirítear, forbairt aestéitiúil, chruthaitheach, chriticiúil, chultúrtha, mhothaitheach, intleachtúil, mhorálta, fhisiciúil, pholaitiúil, shóisialta, agus spioradálta, don saol pearsanta agus don saol teaghlaigh, don saol oibre, ar mhaithe le maireachtáil sa phobal agus le caitheamh aimsire.

2. Tá sé mar aidhm le Clár an Teastais Shóisearaigh

   - An t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a baineadh amach sa bhunleibhéal a threisiú agus a fhorbairt tuilleadh sa duine óg.

   - Leathnú agus doimhniú a dhéanamh ar raon agus ar cháilíocht thaithí oideachais an duine óig i dtéarmaí eolais, tuisceana, scileanna agus inniúlachtaí;

   - Forbairt a dhéanamh ar mhuinín, ar thionscnaíocht agus ar inniúlacht shóisialta an duine óig trí oideachas ginearálta atá leathan agus dea-chothromaithe;

   - An duine óg a ullmhú do riachtanais thuilleadh cláir staidéir, d'fhostaíocht nó do shaol lasmuigh d'oideachas lánaimseartha;

   - Cur le forbairt mhorálta agus spioradálta an duine óig agus caoinfhulaingt agus meas a fhorbairt sa duine óg maidir le luachanna agus creideamh dhaoine eile;

   - An duine óg a ullmhú i leith freagrachtaí saoránachta sa chomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs an Chomhphobail Eorpaigh níos leithne.

3. Tá clár an Teastais Shóisearaigh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Leithead agus cothromaíocht: ba chóir go mbeadh raon leathan taithí oideachais bainte amach ag gach duine óg sa chéim dheiridh den scolaíocht éigeantach. Ní mór aird faoi leith a thabhairt ar threisiú agus ar fhorbairt scileanna uimhearthachta, litearthachta agus labharthachta. Ní mór béim faoi leith a chur ar oideachas sóisialta agus comhshaoil, ar eolaíocht agus ar theicneolaíocht agus ar nuatheangacha.

- Bainteacht: ní mór don soláthar curaclaim díriú ar riachtanais an duine óig faoi láthair agus ar na riachtanais ionchais, i gcomhthéacs na timpeallachta sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha.

- Caighdeán: ba chóir go dtabharfaidh dúshlán gach duine óg leis na caighdeáin sármhaitheasa is airde agus is féidir a bhaint amach, le haird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí agus ar chumais dhifriúla agus do chomparáidí idirnáisiúnta.

Ba chóir go soláthródh an curaclam raon leathan taithí oideachais laistigh de thimpeallacht atá múnlaitheach agus tacúil. Ba chóir go mbainfeadh sé úsáid as na fearainn aeistéitiúla, cruthaitheacha, eitice, teanga, matamaitice, fisiciúla, eolaíoch agus teicneolaíochta, sóisialta, comhshaoil, polaitiúil agus spioradálta.

4. Tá gach siollabas den Teastas Sóisearach curtha i láthair lena fheidhmiú laistigh den chomhthéacs ginearálta den churaclam atá leagtha amach thuas.

(1)

RÉAMHFHOCAL

Tá sé aitheanta go bhfuil gá le treoirlínte chun cabhrú le múinteoirí na siollabais nua don Teastas Sóiserach a chur i bhfeidhm. Tá na treoirlínte sin á n-eisiúint ar scoileanna anois mar chuid de chlár níos leithne tacaíochta. Is mian leis an Aire Oideachais a buíochas a chur in iúl maidir le hobair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, do chomhaltaí coistí na gcúrsaí éagsúla, do na hOifigigh Oideachais a bhí ceaptha ag an gComhairle agus dóibh siúd a chur le forbairt na n-ábhar sin – go háirithe, do Chigireacht a Roinne agus do láithreoirí agus do rannpháirtithe na gcúrsaí inseirbhíse a bhí ar siúl in Earrach na bliana 1989.

Níl na treoirlínte seo forordaitheach. Tá sé de shaoirse ag gach múinteoir aonair an modheolaíochta teagaisc is fearr leo féin a roghnú chun cuspóirí sainiúla agus torthaí inmhianta gach siollabas nua a bhaint amach. Cuireann na treoirlínte seo roinnt moltaí ar fáil a d'fhéadfadh tuilleadh cabhrach a thabhairt do mhúinteoirí. Tugtar aird ar leith ar réimsí eolais, tuisceana, scileanna, coincheapa agus tuairimí rud atá léirithe níos mó sa siollabas nua ná mar a léirithe in aon siollabas go dtí seo.

Sa chomhthéacs sin, meastar go bhfuil sé inmhianta béim a chur ar roinnt gnéithe tábhachtacha a chuirfidh eolas ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim an tsiollabais nua -

- ba chóir gach aon siollabas a theagasc agus tagairt chomhfhiosach á dhéanamh d'aidhmeanna foriomlána chlár an Teastais Shóisearaigh (féachtar an taobh istigh den chlúdach tosaigh). Tá an iliomad deiseanna ann do naisc traschuraclaim: ba chóir leas a bhaint astu sin trí chomh-phleanáil múinteora agus trí thionscnamh aonair múinteora:

- ba chóir go léireodh cleachtadh teagaisc na himpleachtaí cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch a bhaineann le ballraíocht na hÉireann sa Chomhphobal Eorpach agus na dúshláin agus na deiseanna a chuireann sé sin ar fáil laistigh de chomhthéacs níos

leithne saoránachta. Tá tábhacht ar leith ag baint le hábhair ar nós Staidéar Gnó agus Stair agus Tíreolaíocht sa chás seo ach ba chóir go dtógfadh gach ábhar teagaisc an ghné Eorpach sin ar bord.

- Ó thaobh na Tíreolaíochta agus na hEolaíochta de, tá sé tábhachtach go ndéileálfar le saincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaoil ar bhealach atá cothrom idir an gá atá ann leis an gcomhshaoil nádúrtha a chosaint agus a chaomhnú agus na héilimh dhlistineacha atá ann maidir le forbairt eacnamaíoch agus gníomhaíocht thionsclaíoch.

Níl sna treoirlínte seo ach cuid amháin de chlár foriomlán tacaíochta do mhúinteoirí. Meastar, mar shampla, go ndíreoidh cúrsaí inseirbhíse ar roinnt mhaith saincheisteanna atá ardaithe sna treoirlínte seo.

Rachaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhairle le Cumainn Ábhair aonair leis an mbealach is fearr agus is féidir a aimsiú ina bhféadfadh siad réamhliostaí tagairtí agus teagmhálacha a bhí dréachtaithe ag coiste cúrsa a leathnú, a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta. Thógfadh na tagairtí sin san áireamh leabhair, físteipeanna, pacáistí teagaisc, bogearraí ríomhaireachta agus ábhar eile den chineál sin; tá sé molta go ndéanfadh múinteoirí teagmháil lena gCumann Ábhair féin chun tuilleadh eolais a fháil.

Réamhrá

1. Tá an siollabas deartha do mhic léinn atá in aois idir 12 – 15 bliain agus a bhfuil rang a sé den bhunoideachas críochnaithe acu, ba chóir cuimhneamh ar phróifíl aoise agus raon cumais comhfhreagrach na mic léinn i gcónaí.

2. Déanfar measúnú ar an siollabas ar dhá leibhéal – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Ba chóir a bheith cúramach ó thaobh úsáid teanga de lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar chumas mhic léinn an ghnáthleibhéil.

3. Cé go bhféadfadh go gceapfadh duine go bhfuil cuid mhaith den siollabas nua sách nádúrtha ar dtús beidh cur chuige nua teagaisc riachtanach den chuid is mó. Beidh gá ag múinteoirí le roinnt oibre a dhéanamh roimh ré ar roinnt de na hábhair nua – beidh an méid oibre ag brath ar réimse ábhar speisialta an mhúinteora féin.

4. Ba chóir gach uile dheis a thapú le mná a chur i láthair i bpróifíl atá comhionann le fir mar fhiontraithe agus i bpoist údarásacha.

5. Ní mór codanna de shiollabas a láimhseáil go híogaireach i gcás an tseomra ranga de ionas nach mbeidh mic léinn aonair á gcur faoi bhrú mar gheall ar a dtimpeallacht bhaile áirithe.

6. Tá an siollabas deartha do chur chuige lánpháirtithe iomlán; moltar sa réamhrá freisin go mbeidh lánpháirtiú scileanna ábhair i gceist leis, m.sh. staidéar gnó agus matamaitic srl.

7. Féadfaidh múinteoirí straitéisí teagaisc dhifriúla a chur i bhfeidhm, féadfaidh siad rogha a dhéanamh maidir leis an gcúrsa a thosaigh ag pointí difriúla. Luíonn an cinneadh le múinteoir an tseomra ranga. Cé go bhfuil cuid mhaith den seansiollabas corpraithe sa Staidéar Gnó, beidh cur chuige difriúil den chuid is mó i gceist leis áfach.

GNÓ NA MAIREACHTÁLA

BUISÉADÚ

Ioncam

Ní mór a chuimhneamh nuair atáthar ag déileáil le hioncam sa chuid tosaigh seo go bhfuil sé á chlúdach i gcomhthéacs buiséadú. Agus aird á thabhairt ar sin, is dócha go mbeadh sé inmholta aon déileáil mhionsonraithe maidir le haon duillíní pá a fhágáil go dtí cuid a dó den siollabas mar go bhfuil críochnú duillíní pá i gceist ansin. Ba chóir an chuid seo a chur i láthair i sraith creata mar réamhrá d'ioncam.

(1) Cineálacha Ioncaim

	Leasa Shóisialaigh	**Sochar Comhchineála**
Pá	dífhostaíocht	béilí fóirdheonaithe
Tuarastail	seanaois	tithíocht fóirdheonaithe
Táillí	breoiteacht	iompar fóirdheonaithe
Iompar	gortú	carr cuideachta
Ragobair	leanaí	costais leighis
An Coimisiún	baintreacha	éadach
Bónas		
Liúntas		

A bhfuil ar chumas an mhic léinn idirdhealú a dhéanamh idir ioncam rialta agus ioncam breise?
An bhfuil aon fhoinsí eile ioncam ann? m.sh. ús, cíos srl.

(2) Asbhaintí reachtúla agus sochair Iarmhartacha

Asbhaintí Reachtúla



Ollphá agus Glanphá

Ollphá

Lúide Asbhaintí Reachtúla

CÁIN IONCAIM
ÍMAT mar a éilíonn an dlí
ÁSPC

= Glanphá tar éis asbhaintí reachtúla

Ach is féidir leis an bhfostaí asbhaintí eile a éileamh

Lúide Asbhaintí Saorálacha

Dleachtanna
Ceardchumainn
Coigiltis

= Glanphá tar éis na n-asbhaintí ar fad.

Tar éis dó duillín pá a scrúdú, an bhfuil ar chumas an mhic léinn na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt?

An bhfuil aon asbhaintí reachtúla ann?

Cad iad na sochair a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh na hasbhaintí sin a íoc?

Tugtar samplaí "d'asbhaintí eile".

An bhfuil aon ioncam breise sa phá?

Cad dó a seasann na litreacha ÍMAT?

Cad é an ghlanpá iomlán a bheidh ann don bhliain más ionann pá na míonna eile?

An bhfuil aon dainséar ag baint lena cheapadh go mbeidh ioncam na míonna eile mar a chéile?

CAITEACHAS

Moltar go bhféadfaí an formáid céanna a úsáid nuair atáthar ag teagasc faoi chaiteachas.

(1) Tráthúlacht agus Cineál Caiteachais

Cé go bhféadfadh sé go mbeadh cur amach ag mic léinn ar roinnt mhaith caiteachais tí, ní dóigh go mbeidh eolas acu ar an aicmiú ná ar an tráthúlacht. D'fhéadfaí leas a bhaint as an am lena léiriú cén bealach a gcuirtear an chuid is mó de bhillí tí le chéile, m.sh. BSL, Teileafón, Gás.

Tá dhá cheist ghinearálta nach mór a mheas i leith gach caiteachas:

(1) An bhfuil an caiteachas seasta, neamhrialta nó lánroghnach?

(2) An bhfuil an caiteachas ar bhonn seachtainiúil, míosúil nó bliantúil?

An bhfuil ar chumas an mhic léinn na ceisteanna sin a fhreagairt anois agus liosta costais curtha ar fáil dó.

(2) Ag taifeadadh caiteachas iarbhír

Is ionann é seo agus an leabhar miondealaithe airgid a cur i láthair na mic léinn den chéad uair. Ós rud é go bhfuil an leabhar miondealaithe airgid lárnach don chuntasaíocht sa siollabas nua, tá sé rí-thábhachtach go gcuirfí an leabhar i láthair na mic léinn ar bhealach simplí agus éifeachtúil.

Tar éis cinneadh a bheith déanta maidir le líon beag teidil, an bhfuil ar chumas an mhic léinn an liosta caiteachais tí a aicmiú agus a thaifeadadh. Tá fiúntas ag bhaint leis an gcleachtadh seo, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ar mhic léinn atá níos laige a theacht isteach ar an gcineál sin taifeadadh agus d'fhéadfadh roinnt mic léinn atá "éirimiúil" drochnósanna a fháil ag an tráth seo.

(3) Doiciméid

Féadfar líon doiciméad gnó caighdeánacha a chur i láthair mar chuid den aonad seo, m.sh. foirm ordaithe, nóta seachadta, sonrasc, ráiteas. Féadfar an prionsabal a bhaineann le ráitis a

sheiceáil a úsáid chun na doiciméid seo a nascadh. Cuireann bille BSL sampla maith de shonrasc ar fáil.

D’fhéadfadh úsáid agus feidhm admhála mar fhianaise ar cheannachán agus mar bhundoiciméid do thaifeadadh a bheith oiriúnach sa réimse seo.

D’fhéadfadh buntáiste a bheith ag baint freisin le bunús comhdaithe a chur i láthair na mic léinn – ag cur béim an t-am ar fad gurbh é atá sa bhealach le comhdú a “dhéanamh” ná bealach éasca le doiciméid a aimsiú. Tá níos mó tábhacht ná sin ag dul leis an gceist – “cad” ba chóir a chomhdú agus "cén fáth".

(4) **Meastacháin**

Ó fhigiúirí roimhe seo an bhfuil ar chumas an mhic léinn meastachán a thabhairt maidir le caiteachas amach anseo? An bhfuil ar chumas an mhic léinn na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag geimhreadh fuar, ag an Nollaig, ag tráthúlacht na mbillí srl., ar bhuiséadú a bhrath.

Ba chóir go gcuideodh barrachairt a chur le chéile a léireodh patrún caiteachas tí thar tréimhse bliana leis na mic léin an patrún a thuiscint agus d’fhéadfaí réitigh a mholadh maidir le deacrachtaí a leanann é.

D’fhéadfaí tagairt a dhéanamh agus é sin á phlé do dheischostas, do cheannach tallannach agus don tábhacht a bhaineann le caiteachas a phleanáil.

AN BUISÉAD

Tá sé molta má tá tuiscint mhaith ag na mic léinn ar bhuiséad a leagan amach don chaiteachas agus tuiscint mhaith acu maidir le meastachán a dhéanamh i leith ioncam ansin nár chóir go mbeadh fadhb rómhór ag na mic léinn agus iad ag déileáil leis an mír seo. D'fhéadfadh an cur chuige seo a leanas a bheith oiriúnach.

{1) **Ag comhoiriúnú ioncam agus caiteachas**

Trí ioncam agus caiteachas a léiriú ar bharrachairteacha ba chóir go mbeadh ar chumas na mic léinn ar fad a fheiceáil cá háit a n-eascraíonn easnaimh agus barrachais.
An féidir fáil réidh le fadhbanna sreabhadh airgid trí chaiteachas a athsceidealú?
An bhfuil caiteachas lánroghnach pleanáilte san áit nach bhfuil aon ioncam ar fáil chun na críche sin mar chúis leis an bhfadhb atá leis an mbuiséad?
An bhféachann sé go bhfuil an buiséad comhardaithe ach go bhfuil cuid ollmhór d'ioncam breise san ioncam measta.

(2) **Cuntasaíocht**

D'fhéadfaí an deis a thapú agus iarraidh ar na mic léinn ioncam agus caiteachas araon a thaifeadadh i leabhar miondealaithe, treiseoidh sé sin scileanna cuntasaíochta na mac léinn.

D'fhéadfaí an deis a thapú freisin le húsáid a bhaint as colún na n-uimhreacha seiceanna le béim a chur ar chomhcheangal.

N.B. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh múinteoirí thar a bheith íogaireach maidir le cúlra baile na mac léinn le linn na míre seo ar fad – d'fhéadfadh tionscadail shimplí ar chaiteachas tí fadhbanna a chothú.

Ba chóir a bheith cúramach gan íomhánna steiréitíopacha d'fhir agus de mhná a chur i láthair.

OIDEACHAS DO THOMHALTÓIRÍ

Gach uair a cheannaíonn duine earra nó seirbhís tá an duine sin ag déanamh conradh. Tá an díoltóir ag comhaontú earra nó seirbhís a dhíol: tá an ceannaitheoir ag comhaontú íoc as. Tá Dlíthe Tomhaltóirí achtaithe le cosaint a thabhairt don tomhaltóir nuair a théann 'rudaí mícheart'.

An Tomhaltóir atá ar an Eolas

Agus an t-aonad seo a chur i láthair, ba chóir go mbeadh sé mar aidhm dearcadh dearfach a chothú sna mic léinn maidir lena bheith ina dtomhaltóirí, ionas go bhfeicfidh siad iad féin mar spriocanna a bheadh ag straitéisí margaíochta, lena spreagadh le hidirdhealú a dhéanamh idir riachtanais agus mianta (féachtar an t-aonad ar chaiteachas), le hidirdhealú a dhéanamh idir praghas agus luach ar airgead, leis na tionchair a bhaineann leis na roghanna a dhéanann siad a thuiscint.

Ní in eolas ar an dlí agus sin amháin atá spéis ag an tomhaltóir atá ar an eolas; tá sé/sí ar an eolas maidir le caiteachas a phleanáil, caiteachas a bhíonn oiriúnach do bhuiséad agus do riachtanais an duine. Ba chóir leas a bhaint as an eolas atá faighte ag mic léinn a dhéanann staidéar ar Eacnamaíocht Bhaile leis an díospóireacht ranga a leathnú.

Na Cúiseanna atá le Cosaint

Ba chóir go mbeadh léiriú gairid ar Shaoránach A atá ag iarraidh cúiteamh a fháil as earraí lochtacha i gcomhthéacs nach bhfuil aon reachtaíocht tomhaltóra ann leordhóthanach le go bhfeiceadh mic léinn an gá atá le cosaint a bheith ar fáil. Ba chóir tagairt ar leith a dhéanamh do na buntáistí soiléire atá ann le cur síos cruinn a thabhairt maidir le hearraí, ábhair srl.

Leagan reachtaíocht tomhaltóirí amach freisin go mbeidh cothrom na féinne ann do dhíoltóirí.

<u>Gníomhaireachtaí atá Rannpháirteach</u>

Tá roinnt eolais maidir leis na gníomhaireachtaí seo a leanas agus a gcuid ról i gcosaint a thabhairt don tomhaltóir riachtanach:

Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí
Ombudsman
Comhlachas Tráchtála
Cúirteanna Dlí
Ranna Rialtais Iomchuí

Reachtaíocht

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí
An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí

Ní éileofar ar mhic léinn tagairt a dhéanamh do phíosa ar leith reachtaíochta, is leor dóibh réim ghníomhaíochta áirithe a mholadh mar gheall gurb é an dlí é.

Ba chóir go mbeadh eolas leordhóthanach ar na mic léinn lena gcuid gearán tomhaltóra a dhíriú ar an ngníomhaireacht iomchuí. Ba chóir go mbeadh ar chumas na mic léinn déileáil le freagraí diúltacha maidir le gearáin m.sh.

Gan aisíocaíochtaí airgid a bheith ar fáil
Gan earraí ná seirbhísí a bheith faoi ráthaíocht srl.

Ba chóir go mbeadh léirthuiscint ag na mic léinn ar an tábhacht a bhaineann le himeacht aimsire ó dháta an cheannacháin go dáta an ghearáin.

Ag déileáil le Nóta Creidmheasa.

An nós imeachta a bhaineann le cúiteamh

D'fhéadfadh tairbhe a bheith ag baint le cur chuige cás-staidéar nuair atáthar ag tabhairt faoin aonad seo. Ba chóir go mbeadh tomhaltóir in ann a bheith ábalta nuair a théann 'rudaí mícheart'

i) an gearán a aithint m.sh. earra lochtach, earra nach bhfuil ag teacht leis an gcur síos
ii) An cuspóir a lua m.sh. airgead ar ais, earra in ionad an earra atá lochtach srl.
iii) An réim ghníomhaíochta iomchuí a roghnú.

Ag cur an ghearáin i láthair:

(1) Gearán ó bhéal - an duine féin
ar an teileafón:
(2) Gearán i scríbhinn

A bhfuil sa ghearán

Cibé a mbeadh an gearán á dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn, ba chóir go n-aithneodh na mic léinn nach mór tagairt a dhéanamh d'eolas áirithe le linn na cumarsáide:-

Na hearraí/seirbhís a ceannaíodh
An dáta ar Ceannaíodh iad
Fianaise maidir leis an gCeannachán
An Chúis Ghearáin
Cuspóir leis an ngearán (dea-bhéasach)

Ag Leanúint den Ghearán

Is minic go mbíonn tairbhe ag gabháil le gearán atá dea-bhéasach agus struchtúraithe go maith.

(I) Cuairt phearsanta ar an siopa
(2) Cuairt a thabhairt ar dhuine atá údarásach sa siopa
(3) Scríobh chuig an mbainisteoir
(4) Gearán a dhéanamh leis an ngníomhaireacht iomchuí
(5) Comhairle Dlí a lorg

<u>Doiciméid</u>

Is bealach maith é Oideachas Tomhaltóra leis na mic léinn a chur ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le taifid a choinneáil. A theagasc, ní mór béim a chur sa chéad áit, ar an tábhacht a bhaineann le comhdú a dhéanamh ar dhoiciméid thábhachtacha agus sa dara háit, an tábhacht a bhaineann le haon chórais chomhdúcháin shimplí. Tá níos mó tairbhe ag gabháil le heolas a bheith ar <u>cad</u> iad na doiciméid ar chóir a chomhdú agus an ábaltacht a bheith in ann <u>tagairt</u> a dhéanamh do na doiciméid sin (sa réimse seo) ná mar atá ag baint leis an gcur chuige le <u>comhdú a dhéanamh.</u> Ba chóir déileáil le comhdú mar bhealach tapa le teacht ar dhoiciméid – doiciméid atá aitheanta go bhfuil gá lena gcomhdú agus a bhfuil gá anois le tagairt a dhéanamh dóibh.

Doiciméid (1) Ag Ordú Earraí. (Ó bhéal nó i scríbhinn)

An t-eolas atá le húsáid.

(2) Admhálacha
Fianaise maidir leis an gCeannachán. Fianaise eile?
Eolas iomlán nuair a fhaightear iad?

(3) Nóta Creidmheasa
Cad é féin?
Ag glacadh leis nó ag diúltú dó.

Ag Scríobh Litir Ghnó

Is céatadán beag mac léinn a scríobhann litreacha. Is ionann iad a theagasc le litir a scríobh agus ceacht oiliúna ar scileanna ar dtús. Mar gheall ar an dealú idir ghlúine, is minic go bhféadfadh múinteoirí a cheapadh go bhfuil na mic léinn ag scríobh litreacha cheana féin. Ba chóir don Mhúinteoir Staidéar Gnó a dhul i gcomhairle leis na múinteoirí teangacha sa scoil chun críche amscála agus ábhar scríobh litreach a chomhaontú.

Bainfidh an chuid is mó de na mic léinn úsáid as an teileafón nó as cuairt phearsanta mar bhealach cumarsáide. Bheadh aithint eolais a bheadh fíorthábhachtach a bheadh le cur in áireamh sa chuairt mar cur i láthair éasca ar scríobh litreacha. Beidh sé seo i bhfoirm meamram nuair a bheidh na mic léinn á scríobh síos; féadfar litir a dhéanamh as ina dhiaidh sin.

Ba chóir teanga atá sean agus nach bhfuil taithí ag na mic léinn uirthi a sheachaint. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith mar sheicliosta

1. Ainmneacha agus seoltaí, seoltóir agus an té a fhaigheann an litir
2. Dáta
3. Na sonraí atá tábhachtach
4. Síniú

In imthosca an tseomra ranga, ba chóir na mic léinn a spreagadh le litreacha atá curtha i láthair go maith a scríobh le clúdaigh litreach a bhfuil an seoladh i gceart orthu.

LEABHARCHOIMEÁD/TAIFEADADH I gCLÁR STAIDÉAR GNÓ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

D'fhéadfadh sé go gceapfadh roinnt mhaith múinteoirí nach mbaineann an tábhacht chéanna le "hiontráil dhúbailte" leabharchoimeád i siollabas Staidéar Gnó don Teastas Sóisearach agus a bhain le siollabais na Meánteistiméireachta agus an Ghrúp-Theastais i réimse na Tráchtála. D'fhéadfadh sé go gceapfadh na múinteoirí sin go bhfuil beag is fiú á dhéanamh den téarma (iontráil dhúbailte) féin fiú, mar nach luaitear é ach trí huaire sa siollabas nua.

Cé go bhfuil an cur chuige agus an bhéim athraithe tá líon cúiseanna leis sin:

1. Caithfidh an clár seo freastal ar raon cumais iomlán na mac léinn ag leibhéal na Sraithe Sóisearaigh i dtéarmaí téarmeolaíochta, scileanna uimhríochta agus gastacht mheabhrach;

2. Níor thuig roinnt mhaith mac léinn a thóg clár Tráchtála na hiarMheánteistiméireachta Iontráil dúbailte agus ní dhearna siad aon iarracht ceisteanna a fhreagairt sa réimse sin ach ina ionad sin bhí siad ag brath ar fhreagra na foirmle a bhí foghlamtha acu – cé go n-oibríonn an córas seo do roinnt daoine, is minic i roinnt mhaith cásanna go mbíonn na marcanna a fhaightear i mír leabharchoimeád an chláir seo grád níos ísle ar a laghad ná na marcanna sin a fhaightear i gcuid an Nós Imeachta agus Cleachtas Oifige den scrúdú.

3. Tugann an bhéim atá curtha ar ábhar/scileanna maidir le húsáid phearsanta le tuiscint, go háirithe i réimsí a bhfuil eolas ag na mic léinn orthu faoi láthair ar nós cuntais tí agus cuntais club, go gclúdófar iad sin ag leibhéal atá oiriúnach d'aois agus do chumas an mhic léinn.

4. Is próiseas atá sa lánpháirtiú a spreagtar ar fud an chláir nua (féachtar go háirithe 2.2.7 agus 3.2) agus leis sin san áireamh tá an clár ag cur níos mó béime ar

ullmhú agus ar úsáid figiúirí (ní amháin laistigh de chreat iontrála dúbailte) seachas ar fhíor theicnic leabharchoimeád.

Tá sé molta go mbeadh an leabhar anailíse airgid mar chuid lárnach den réimse coimeád taifead airgeadais agus go gcuirfí leis an bpróiseas leabharchoimeád ón mbonn sin. Tá sé de bhuntáiste leis an gcur chuige seo gur féidir é a úsáid mar bhunús cuntasaíochta de roinnt mhaith míreanna tábhachtacha den siollabas – sé sin leabharchoimeád/taifeadadh – do réimsí ar nós líon tí, gnó, club, feirm agus seirbhís. Tá an leabhar airgid simplí do mhic léinn atá níos laige agus is féidir leathnú amach a dhéanamh le heolas cuntasaíochta a bhfuil fiúntas ag baint leis a chur ar fáil.

Ceann de na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige sin go dtugann sé scileanna maidir le leabhar airgid a choimeád, le hanailís a dhéanamh agus le comhardú a dhéanamh do na mic léinn ó thaobh cur isteach figiúirí, ó dhoiciméad bunúsacha más féidir é, anailís ar na figiúirí sin faoi na ceannteideal iomchuí, cuntas a dhúnadh agus a chomhardú ag tréimhsí rialta agus ag tréimhsí a bhfuil brí leo agus úsáid agus tuairimí a thabhairt ina dhiaidh sin maidir leis na torthaí a fhaightear. Is féidir freisin coincheap buiséadú agus costáil (mar shampla cad é costas leictreachas in aghaidh na seachtaine) a chur i láthair ag an tráth seo (abair an chéad tréimhse eile bunaithe ar iarbhír an tréimhse reatha). Ní mór béim a chur ar gurb é atá ar intinn anseo ná coincheapa a chur i láthair ag leibhéal atá simplí agus scileanna a fhorbairt ó thaobh figiúirí a úsáid mar mhodh taifeadadh agus cumarsáide. D'fhéadfadh sé gur cur chuige maith a bheadh anseo freisin leis an smaoineamh a chur í láthair maidir leis an eolas simplí sin a thaispeáint ar bhealaí atá níos feiceálaí ar nós graif agus barrachairteacha srl. B'fhéidir gurb é an phríomhaidhm atá leis an méid sin ar fad a dhéanamh ná go n-éireodh na mic léinn muiníneach ó thaobh an ceann is fearr a fháil ar choincheapa agus ar chreata simplí a rachaidh chun tairbhe dóibh sna céimeanna deiridh den chlár coimeád taifead. Ciallaíonn an cur chuige sin freisin gur féidir roinnt treisiú a dhéanamh ar uimhirtheacht, obair ar fhigiúirí agus inléiteacht a chur le céimeanna tosaigh an chláir ag am is mó is dóichí a bheidh éifeacht acu - ag na céimeanna deireadh ní bheidh oiread sin béim le cur ar an ngné sin agus féadfar díriú ar choincheapa atá níos deacra, ar cheisteanna atá níos faide agus ar scrúdú criticiúil a dhéanamh ar thorthaí na dtaifead sin.

Agus an clár leasaithe sin á chur le chéile ba é an phríomhchreidiúint a bhí, agus atá, ag coiste an chúrsa nach mbeadh aon áit ag taifeadadh díol creidmheasa agus ag ceannacháin sa chlár measúnaithe do mhic léinn an Ghnáthleibhéil. Ar an gcuma chéanna mothaítear go ndéanann coigeartuithe ar chuntais, ar nós réamhíocaíochtaí agus fabhraithe an cleachtas coimeád taifead ró-dheacair do na mic léinn sin agus i gcoitinne nach mbeidh ach an éifeacht is lú ag na leasuithe sin ar na figiúirí foriomlána ar aon nós. Go deimhin, ag glacadh leis an bhfíric gur dóichí go mbeadh fabhrú nó réamhíocaíocht den chineál céanna ann ag an tús a chuirfidh ar ceal a bheag nó a mhór an fabhrú nó an réamhíocaíocht deiridh, beidh breactha an airgead iarbhír chuig an gcuntas beagnach mar a chéile leis an muirear nó an gnóthachan atá le breactha ar deireadh chuig na cuntais deiridh ón gcuntas sin.

Ba chuid lárnach de chás an Choiste go bhfuil sé indéanta go hiomlán cuntais mórleabhar agus comharduithe trialacha bunúsacha agus cuntais deiridh a chur leo gan ceannacháin creidmheasa ná díolacháin creidmheasa a úsáid, trí leabhar anailíse airgid bhunúsach. Féadfar gnóthas seirbhíse a úsáid sna céimeanna tosaigh sa chaoi is nach mbeidh fiú stoc ina fhachtóir atá casta.

Níl sé i gceist ag Coiste an Chúrsa an cur chuige a chaithfidh gach múinteoir a úsáid a dheachtú. Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná modh a d'fhéadfaí a úsáid chun leabharchoimeád iontrála dúbailte a chur a láthair a bheidh ina chabhair do GACH mac léinn le léargas foriomlán a fháil ar choimeád taifead agus a chuid úsáidí sula n-iarrfar orthu siúd atá níos cumasaí déileáil le coigeartuithe srl. d'fhéadfadh sé go mbeadh cur chuigí eile chomh héifeachtach céanna, go háirithe i gcás an mhic léinn atá níos éirimiúla ó thaobh uimheartha de.

"Tá £1,000 sábháilte ag F. Delaney agus ar an 1 Eanáir, 1989, chinn sé gnó pluiméireachta a thosaigh". Mar sin beidh ráiteas tosaigh sócmhainní agus dliteanais mar seo:

Dliteanais		**Sócmhainní**	
Caipiteal (F. Delaney)	£1,000	Airgead Tirim	£1,000

agus beidh na cuntais agus na hiontrálacha seo a leanas sa mhórleabhar:

An Leabhar Airgid

Fáltais			Íocaíochtaí		
Sonraí:	Iomlán	Anailís	Sonraí	Iomlán	Anailís
Caipiteal	£1,000				

Cuntas Caipitil

	Airgead tirim	£1,000

agus beidh an Comhardú Trialach mar seo a leanas:

	Comhardú Trialach	
	£	£
Caipiteal		
		1,000
Airgead Tirim	1,000	---------

Abraimis gur chinn "Delaney roinnt copair agus ábhar eile a cheannach le húsáid ar oiriúnú teasa lárnaigh a críochnaíodh le linn an chéad choicís de mhí Eanáir: ba £800 costas an ábhair, a íocadh le hairgead tirim an 2 Eanáir, agus ba £2,000 an t-airgead tirim a fuarthas as an obair a dhéanamh an 15 Eanáir.

Féadfar iarraidh ar na mic léinn doiciméid bhunúsacha a scríobh amach leis na hidirbhearta sin a thaifeadadh agus, mar gheall go bhfuil airgead tirim in úsáid sna céimeanna tosaigh ar mhaithe le soiléireacht agus le simplíocht, is éard a bheidh sna doiciméid ná an admháil a thug Delaney nuair a fuair sé an £2,000 agus an admháil a fuair Delaney le haghaidh an £800.

Is seo mar a bheidh an Leabhar Airgid ina bhfuil an t-eolas sin nuair a bheidh na hiontrálacha ar fad déanta:-

An Leabhar Airgid

Fáltais			Íocaíochtaí		
Sonraí	**Iomlán**	**Díolacháin**	**Sonraí**	**Iomlán**	**Ceannacháin**
Caipiteal	1,000		Ábhair	800	800
Teas Lárnach	2,000	2,000			
	3,000	2,000			
Iarmhéid	2,200	↑	Iarmhéid	2,200	------
				3,000	800 ↑
		Chuig Cuntas na nDíolachán			Chuig Cuntas na gCeannachán

Tar éis iontrála sa phríomhleabhar cuntais ba chóir go mbeadh toradh an Chomharduithe Trialach mar seo:

Comhardú Trialach

	£	£
Caipiteal		1,000
Díolacháin		2,000
Ceannacháin	800	
Airgead Tirim	2,200	
	3,000	3,000

Agus ba chóir go mbeadh ráiteas Dliteanais/Sócmhainní agus Oibriúchán mar seo:

***Ráiteas Oibriúcháin 1 Eanáir – 15 Eanáir, 1989**

Ceannacháin	800	Díolacháin	2,000
Barrachas	1,200		
	2,000		2000

Dliteanais		Sócmhainní	
Caipiteal	1,000	Airgead Tirim	2,200
+Barrachas	1,200		

2,200 2,200

- D'fhéadfadh an Ráiteas Oibriúcháin a bheith i bhfoirm tábla freisin.

"Chinn Delaney veain dhara láimhe a cheannach ar £1,000 an 16 Eanáir. Ceannaíodh coire lá arna mhárach ar £1,000 lena shuiteáil i monarcha áitiúil le linn na coicíse ina dhiaidh sin agus fuarthas íocaíocht iomlán de £4,000 as an obair sin an 31 Eanáir. Íocadh cuntas teileafón de £80 don ghnó do mhí Eanáir an lá sin freisin".

Scríobhtar suas na leabhair don dara coicís agus asbhaintear an Comhardú Trialach agus cuntais deiridh don tréimhse sin.

An Leabhar Airgid

Fáltais **Íocaíochtaí**

Sonraí	**Iomlán**	**Díolacháin**	**Sonraí**	**Iomlán**	**Ceannacháin**	**Sócmhainní**	**Speansais**
Iarmhéid	2,200		Veain	1,200		1,200	
An obair sa mhonarcha	4,000 6,200	4,000 4,000	Ceannach Teil.: Iarmhéid	1,100 80 3,820 6200	1,100 1,100	1,200	80 80
	Chuig Cuntas na nDíolachán			Chuig Cuntas na gCeannachán		Chuig Cuntas na Sócmhainní	Chuig Cuntas na Speansas

Is mar seo a bheidh an Comhardú Trialach an 31 Eanáir:

Comhardú Trialach

	Sócmhainní	**Dliteanais**
Caipiteal		2,200
Veain	1,200	
Ceannacháin	1,100	
Speansais	80	
Díolacháin		4,000
Airgead Tirim	3,820	
	6,200	6,200

*Ráiteas Oibriúcháin 16 Eanáir – 31 Eanáir, 1989

Ceannacháin	1,100	Díolacháin	4,000
Teileafón	80		
Barrachas don tréimhse	2,820		
	4,000		4,000

Dliteanais		**Sócmhainní**	
An Caipiteal ag an tús	2,200	Veain	1,200
Cuirtear leis an Barrachas	2,820	Airgead tirim	3,820
	5,020		5,020

Ceacht eile a d'fhéadfaí a úsáid ná na cuntais don dá thréimhse a cheangal le chéile mar a leanas:

Beidh an Comhardú Trialach mar a chéile is a bhí sé ar an dáta céanna - beidh na cuntais deiridh mar seo a leanas:

Ráiteas Oibriúcháin, Eanáir 1989

Ceannacháin	800	Díolacháin	2,000
Ceannacháin	1,100	Díolacháin	4,000
	1,900		6,000
Speansais	80		
Barrachas don mhí	4,020		
	6,000		6,000

Ráiteas ar staid ag 31 Eanáir 1989

Dliteanais		**Sócmhainní**	
An Caipiteal ag an tús	1,000	Veain	1,200
Cur leis: Barrachas don mhí	4,020	Airgead Tirim	3,820
	5,020		5,020

Ceann de na prionsabail ar mhaith linn a spreagadh sé sin ráitis airgeadais/leabharchoimeád a ullmhú ní ar mhaithe leo féin agus sin amháin ach go n-úsáidfí na torthaí le teacht ar thátal/cinntí agus ceangal a dhéanamh le réimsí gaolmhara eile. Mar sin d'fhéadfadh na cineál ceisteanna/cur chuigí seo a leanas leanúint as cuntais Delaney thuas:

1. Déan cur síos i do chuid focail féin cad a léiríonn na cuntais thuas do mhí Eanáir.

2. Ar an mbonn go leantar leis an bpatrún céanna do mhí Eanáir don chuid eile den bhliain cad é an barrachas a mheasann tusa a d'fhéadfadh Delaney a thuilleamh le linn na bliana 1989.

3. An mbeifeá ag súil go leanfadh patrún mhí Eanáir le linn na bliana 1989? Ullmhaítear buiséad don bhliain 1989 ag lua do chuid bonn tuisceana (cúiseanna leis na figiúirí atá in úsáid agat).

4. Ba £64,000 na fáltais iarbhír do 1989. Ba £25,000 a chosain ábhar agus b'ionann agus £1,5000 costas teileafóin agus speansais eile. Tarraingítear tábla a chuireann do bhuiséad ag uimhir 3 i gcomparáid leis na torthaí iarbhír agus a léiríonn na difríochtaí go soiléir.

5. Mínigh i do chuid focail féin, na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith idir na difríochtaí idir an buiséad agus an iarbhír mar atá léirithe in uimhir 4 thuas.

Meastar agus spreagtar comhlánú agus úsáid na mbundoiciméid sa siollabas. Féadfar tagairtí a dhéanamh do bhundoiciméid sa sampla thuas, m.sh. uimhreacha fáltais a chur sa leabhar airgid – mar gheall ar easpa spáis i bhformáid A4 tá sé dodhéanta na ceannteidil ar fad atá riachtanach a thaispeáint. Meastar gur cheart ceannteideal amháin a bheith sa leabhar airgid do CBL, 5 cheannteideal anailíse agus colún iomlán a thugann 7 gcolún ina n-iomláine ar gach taobh.

Ag tráth níos deireanaí féadfar an leabhar airgid a aistriú isteach ina leabhar íocaíochtaí seic agus ina leabhar fáltas airgid: glacfar le haon fhormáid de sin cibé corpraithe (leabhar airgid

dhá cholún – ceann le haghaidh airgead agus ceann le haghaidh seiceanna) nó ar leithligh ag úsáid cuntas airgid mórleabhair ainmniúil agus cuntas bainc mórleabhair ainmniúil le taifeadadh a dhéanamh ar an ngné iontrála dúbailte airgid agus bainc.
Is fiú béim a chur ar anseo nach bhfuil aon áit ag lascaine ar airgead síos sa chlár taifeadadh/leabhar choimeád ag ardleibhéal ná ag gnáthleibhéal mar gur coincheapa deacair an-chasta iad i dtéarmaí leabharchoimeád don aoisghrúpa seo. Glactar leis go gciallaíonn an téarma leabhar airgid leabhar an mhionairgid freisin mar atá tugtha le tuiscint sa siollabas.
Ar deireadh féadfar comhdú na mbundoiciméad agus an t-eolas tacaíochta a clúdach ar bhonn uathoibríoch agus ar bhonn rialta agus má tá sé indéanta féadfar úsáid a bhaint as cláir shimplí ríomhaireachta leis an bpróiseas taifeadadh a léiriú agus a threisiú.

Is é an cuspóir atá leis an gcur chuige thuas próiseas leabharchoimeádta iontrála dúbailte a shimpliú: ag céimeanna níos deireanaí sa chlár ciallóidh breisiú idirbhearta creidmheasa agus coigeartuithe eile go mbeidh sé ag teacht níos mó le hábhar an chláir reatha do mhic léinn atá níos éirimiúla agus leagfaidh sé bonn folláin síos ar mhaithe le dul chun i réimse na taifeadta/leabharchoimeád.

MAOINIÚ DO GHNÓ - TREOIRLÍNE

Tabhair na nithe seo a leanas ar aird le do thoil:

1. Tá maoiniú riachtanach do ghnóthais mar atá do dhaoine aonair, dá réir sin ba chóir an mhír seo a fheiceáil mar leanúint ar aghaidh ó “Iasacht a Fháil” i nGnó na Maireachtála.

2. Mar gheall ar chúiseanna difriúla teastaíonn maoiniú ó ghnóthais, m.sh. Cúiseanna Fadtéarmacha ar nós Foirgnimh agus Innealra; Cúiseanna Meántéarmacha ar nós Mótarfheithiclí agus Cúiseanna Gearrthéarmacha ar nós pá, stoc, srl.

3. Ba chóir na foinsí cearta maoinithe a aimsiú le freastal ar na riachtanais sin, m.sh. foinsí fadtéarmacha le haghaidh riachtanais fadtéarmacha, m.sh.

Scairchaipital d'fhoirgnimh

Iasacht théarmach do mhótarleoraithe

Rótharraingt bhainc do stoc

4. Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh in iarratas ar iasacht:

(1) Eolas maidir leis an ngnó agus maidir leis na húinéirí~

(2) Cad chuige an t-iasacht;

(3) Cá mhéad atá ag teastáil?

(4) Cén fhaid a bheidh i gceist;

(5) Cá mhéad atá á chur suas ag na húinéirí;

(6) Acmhainneacht aisíocaíocht a dhéanamh ar an iasacht agus ar an ús;

(7 Cad é an t-urrús atá ar fáil.

5. Tá pleanáil cheart riachtanach. Mar a chéile le líon tí, ní mór go mbeadh a fhios ag an ngnó cá mhéad atá riachtanach agus cén uair a bheidh sé riachtanach. Mar sin ní mór dó roinnt costálacha agus Ráiteas Sreabhadh Airgid a ullmhú. D'fhéadfadh sé go bhfeicfidh an Ráiteas Sreabhadh Airgid mar leathnú ar an mír ar Bhuiséadú Pearsanta sa mír ar Ghnó na Maireachtála.

Ráiteas Sreabhadh Airgid

Is réamhaisnéis atá anseo maidir le cá mhéad airgid a bheidh ag teacht isteach agus á chur amach ag an ngnó ag aon am ar bith.

Léireoidh sé

1. má tá dóthain airgid ann le speansais a íoc, ábhar agus innealra a cheannach, srl.
2. Cad é an ganntanas airgid a d'féadfadh a bheith ann agus cathain, ar an mbealach sin ag cur foinse airgid oiriúnach ar fáil don ghnó in am.

Ullmhaítear é ar bhonn míosúil go hiondúil, agus bliain roimh ré.

Ag Ullmhú Ráiteas Sreabhadh Airgid

1. Tarraingítear 14 colún – ceann le haghaidh gach mí den bhliain, ceann don bhliain iomlán agus ceann do shonraí.
2. Líontar isteach, faoi na sonraí na fáltais agus na híocaíochtaí ar na dátaí a dtarlóidh siad.
3. Is é an figiúr Glan-airgead an difríocht idir na fáltais agus na híocaíochtaí – d'fhéadfadh sé seo a bheith ina bharrachas nó in easnamh.
4. Cuirtear an barrachas leis an airgead atá ann ag tús, más ann dá leithéidd, nó baintear é ón easnamh. Is é figiúr Airgead Deiridh an toradh a bheidh air sin. Is é seo an figiúr airgid tosaigh a bheidh ann don chéad mhí eile.

m.sh.:

SREABHADH AIRGID DON TRÉIMHSE EANÁIR – BEALTAINE.

	EAN	FEABH	MÁRTA	AIBREÁN	BEALT	IOMLÁN
Fáltais	40,000	40,000	30,000	30,000	50,000	190,000
Íocaíochtaí	35,000	55,000	50,000	50,000	40,000	230,000
Airgead Glan	5,000	(15,000)	(20,000)	(20,000)	10,000	(40,000)
Airgead Tosaigh	40,000	45,000	30,000	10,000	(10,000)	115,000
Airgead Deiridh	45,000	30,000	10,000	(10,000)	0,000	75,000

Léiríonn an ráiteas sreabhadh airgid easnamh do mhí Aibreán. Leis an eolas sin ar fáil dóibh roimh ré féadfadh an gnó (a) íocaíocht éigin a iarchur nó (b) rótharraingt bhainc nó rótharraingt ó fhoinsí eile a éileamh ar feadh 1 nó 2 mhí, abair.

Léiríonn sé sin go soiléir an tairbhe a bhaineann le ráiteas sreabhadh airgid a ullmhú, gan trácht ar go beidh ceann á éileamh ag gníomhaireacht airgeadais roimh iasacht a dheonú.

Ceist: Ullmhaítear Ráiteas Sreabhadh Airgid do bhliain amháin óna sonraí seo a leanas.

Fáltais	Díolacháin Airgid	Ean - Már	£60,000
		Aib - Lún	£80,000

		MF - Noll	£90,000
	Deontas Rialtais i mBealtaine		£80,000
<u>Íocaíochtaí</u>	Ceannacháin in aghaidh na míosa	Ean - Már	£30,000
		Aib - Lún	£35,000
		MF - Noll	£40,000

Pá in aghaidh na míosa £2,000
Solas & Teas gach uile dhá mhí £1,000 (ag tosu mí Feabhra)
Teileafón gach uile trí mhí £500 (ag tosú mí Eanáir)
Ceannach innealra nua £170,000 i mí Márta
Fógraíocht in aghaidh na míosa £200
Cáin i mí Meán Fómhair £4,000
Ceannach veain nua i mí an Mheithimh £15,000.
Airgead Tosaigh £15,000.

Léirítear ar chríochnú Ráiteas Sreabhadh Airgid:

A. An mbeidh easnamh ann;
B. Cad iad na míonna atá i gceist
C. Conas a d'fhéadfaí airgeadú a dhéanamh ar an easnamh agus/nó an barrachas a infheistiú.

NÓ

A. Cad é an t-eolas a fhaigheann úinéir an ghnó ón Ráiteas Sreabhadh Airgid

B. Conas mar ba chóir don ghnó déileáil leis an eolas seo?

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

	EAN	FEABH	MÁRTA	AIB	BEALT	MEITH	IÚIL	LÚN	MF	D. FÓMH	SAMH	NOLL	IOMLÁN
Fáltais													
Díolacháin	60,000	60,000	60,000	80,000	80,000	80,000	80,000	80,000	90,000	90,000	90,000	90,000	940,000
Deontas Rialtais					80,000								80,000
Fáltais Iomlán A	60,000	60,000	60,000	80,000	160,000	80,000	80,000	80,000	90,000	90,000	90,000	90,000	1,020,000
Íocaíochtaí													
Teileafón	500			500			500			500			2,000
Ceannacháin	30,000	30,000	30,000	35,000	35,000	35,000	35,000	35,000	40,000	40,000	40,000	40,000	425,000
Pá	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	24,000
Solas agus Teas		1,000		1,000		1,000		1,000		1,000		1,000	6,000
Ilnithe													
Fógraíocht	200	200	200	200	200	200	200	200	200	200	200	200	2,400
Cáin:									4,000				4,000
Veain						15,000							15,000
Innealra			170,000										
Íocaíochtaí Iomlán (B)	32,700	33,200	202,200	38,700	37,200	53,200	37,700	38,200	46,200	43,700	42,200	43,200	648,400
Airgead Glan A + B	27,300	26,800	142,200	41,300	122,800	26,800	42,300	41,800	43,800	46,300	47,800	46,800	371,600
Airgead Tosaigh	15,000	42,300	69,100	(73,100)	(31,800)	91,000	117,800	160,100	201,900	245,700	292,000	339,800	386,600
Airgead Deiridh	42,300	69,100	(73,100)	(31,800)	91,000	117,800	160,100	201,900	245,700	292,000	339,800	386,600	386,600

CUNTAIS RIALÚCHÁIN SIMPLÍ

Is cuid den nós imeachta rialúcháin foriomlán iad na Cuntais Rialúcháin a fheidhmíonn an gnó le cruinneas a chóras leabharchoimeád a sheiceáil. Áirítear i measc nósanna imeachta rialúcháin eile An Comhardú Trialach agus an Ráiteas Imréitigh Bainc.

Baintear úsáid as Cuntais Rialúcháin chun cuidiú le theacht ar earráidí a d'fhéadfadh tarlú i Mórleabhar na bhFéichiúnaithe nó i Mórleabhar na gCreidiúnaithe ina bhféadfadh suas le

500 cuntas a bheith. D'féadfaí Cuntas Rialúcháin a chotabháil do, abair, fiche cuntas mar a leanas:

(a) Gach aon Chuntas Morleabhar a comhardú i Mórleabhar na bhFéichiúnaithe agus na hiarméideanna a chur le chéile (liosta de na hiarméideanna);

(b) Ullmhaítear Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe ó na fiche Cuntas sin ón eolas atá ar fáil i Leabhar na nDíolachán, sa Leabhar Aischur Isteach agus i Leabhar na bhFáltas Airgid agus na Lóisteála.
Cuirtear na hiomláin ó na leabhair sin sa Chuntas Rialúcháin Féichiúnaithe agus comhardaítear é;

(c) Ba chóir go mbeadh an iarmhéid in A cothrom leis an iarmhéid in B mura bhfuil tá earráid déanta. Ba chóir go mbeifí in ann a theacht go héasca ar an earráid mar go bhfuil an earráid bainteach leis na fiche Cuntas sin.

Léiríonn an sampla simplí seo a leanas cad a bheifí ag súil leis ag Leibhéal Sóisearach.

Is iad an ceathrar féichiúnaithe atá i gceist Tom, Anne, Mary agus Claire. Tá iarmhéid de £500 an duine ag Anne agus Claire ina gcuid cuntas.

Dáta	Sonraí	F	Iomlán	Glan	CBL 10%
10/1/89	Sonrasc 7 Tom	DL3	880	800	80
12/1/89	Sonrasc 9 Anne	DL4	1,100	1,000	100
12/1/89	Sonrasc 11 Mary	DL5	400	400	40
14/1/89	Sonrasc 14 Claire	DL6	900	900	90
	Cuntas na nDíolachán Creidmheasa	GL3	3,410	3,100	310
				Cuntas na nDíolachán	Cuntas CBL

Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe

LEABHAR AISCHUR ISTEACH (Leathanach 19)

Dáta	Sonraí	F.	Iomlán	Glan	CBL 10%
16/1/89	Nota Creidmheasa 1	DL4	330	300	30
19/1/89	Anne	DL6	88	80	8
	Nóta Creidmheasa 2 Claire				
	Cuntas Aischur Isteach Díolachán Dochair	GL8	418	380	38
			Aischur Díolachán		Cuntas CBL

Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe

LEABHAR LÓISTEÁLA AGUS FÁLTAS AIRGID (Leathanach 7)

Féadfar an cuntas a chur i láthair i bhfoirm Cuntas Tom freisin

Dáta	Sonraí	F.	Uimhir Fáltais	Féichiúnaithe	Iomlán na Lóisteála
21/1/89	Tom	DL1	49	700	700
20/1/89	Claire	DL6	52	500	500
				1,200	1,200

Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe

MÓRLEABHAR NA bhFÉICHIÚNAITHE

(1)

Cuntas Tom

10/1/89 Díolacháin SB5		880	21/1/89 AirgeadTirim C.P.7	700	
			31/1/89 Iarmhéid C/D	180	
		880			880
31/1/89 Iarmhéid B/D	180				

Cuntas Anne

(4)

30

1/1/89	Iarmhéid B/D	500	16/1/89	Aischur Díolachán SR 19	330
12/1/89	Díolacháin SB5	1,100	31/1/89	Iarmhéid C/D	1,270
		1,600			1,600
31/1/89	Iarmhéid B/D	1,270			

MÓRLEABHAR NA bhFÉICHIÚNAITHE

(5)

Cuntas Mary

12/1/89	Díolacháin SB5	440

Cuntas Claire

(6)

1/1/89	Iarmhéid B/D	500	19/1/89	Aischur Díolachán SR 19	88
14/1/89	Díolacháin SB5	990	29/1/89	Airgead Tirim CB7	500
		1,490	31/1/89	Iarmhéid C/D	902
					1,490
31/1/89	Iarmhéid B/D	902			

AN MÓLEABHAR GINEARÁLTA

Cuntas na nDíolachán (3)

Iomlan de réir SB5	3,100
Leabhar na nDíolachán	

Cuntas Aischur Díolachán (8)

Iomlán de réir SR1	310
Díolacháin	
An Leabhar Aischur	

CUNTAS CBL

Aischur Díolachán SRB19	38	Díolacháin SB5	310
Iarmhéid CD	272		310
	310	Iarmhéid BD	272

An méid atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim

CUNTAS RIALÚCHÁN FÉICHIÚNAITHE

1/1/89	Iarmhéid B/D	31/1/89	Aischur Díolachán SRB19 418
31/1/89	Díolacháin SB5 3,410	31/1/89	Airgead Tirim CB7 1,200
		31/1/89	Iarmhéid C/D 2,792
	4,410		4,410
31/1/89	Iarmhéid B/D 2,792		

LIOSTA IOMLÁN FÉICHIÚNAITHE

Tom	180	Tá an Liosta Comhardaithe cothrom leis an gComhardú Rialúcháin.
Anne	1,270	
Mary	440	
Claire	902	
	2,792	

TEICNEOLAÍOCHT FÁISNÉISE

Tá an teicneolaíocht faisnéise nua-aimseartha ina cuid lárnach den siollabas. Moltar do mhúinteoirí gnéithe IT a chur san áireamh ar fud an tsiollabais san áit a bhfuil sé ábhartha agus iomchuí. Ba chóir tagairt ar leith a dhéanamh do IT sa bhaile m.sh. an clár níocháin ar inneall níocháin; Teilifís cianrialtáin le teilithéacs; taifeadáin fístéipe in-ríomhchláraithe, uaireadóirí ilfheidhmeacha; áireamháin srl.

Nuair a bhí an siollabas á dhearadh comhaontaíodh mír ar leithligh ar IT a chur san áireamh ionas go bhféadfaí an siollabas a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach gan mórán cur as a dhéanamh den chuid eile den siollabas. Moltar go láidir sa chlár teagaisc, áfach, go rachadh na mic léinn ón áit a bhfuil eolas acu air m.sh. an baile agus an scoil go dtí áit nach bhfuil aithne ar bith acu air, oifigí, siopaí agus monarchana. Sa chás seo táthar ag súil go bhfeicfidh na mic léinn IT mar chuid den saol laethúil agus go mbeidh léirthuiscint acu ar bhuntáistí forbairtí san IT. Tá sé intuigthe nuair a tharlóidh forbairtí móra nua san IT go mbeidh na forbairtí sin ina ngnáthchuid den siollabas.

Teicneolaíocht agus Méarchlárú

Agus iad ag eisiúint siollabas Staidéar Gnó an Teastais Shóisearaigh go foirmiúil ar scoileanna an 27 Meán Fómhair, 1988, sheol an Roinn Oideachais Imlitir M64/88 ag ceadú an chláir go ginearálta agus sonraíodh i mír 3 den litir sin go gcaithfeadh:

"scoileanna míreanna teicneolaíochta an tsiollabais seo a sholáthar as acmhainní atá ann cheana. San idirthréimhse beidh na míreanna sin roghnach sa scrúdú."

Táthar ag súil go dtabharfadh an siollabas an t-ábhar isteach san 21ú hAois agus tá lánpháirtiú litearthacht ríomhairí isteach i gclár staidéar gnó riachtanach.

Cé go bhfuil "réimsí teicneolaíochta" an chláir roghnach tagraíonn sé do na codanna sin den chlár atá íogaireach ó thaobh trealamh de - níl eolas ar an teicneolaíocht roghnach. Cé go mb'fhéidir nach bhfuil teacht ag mic léinn ar acmhainní ríomhaireachta sna scoileanna ní chiallaíonn sé sin nach dtuigeann an mac léinn gnéithe leathana córas ríomhaireachta (CPU, VDU, méarchlár, modhanna stórála agus printéirí a úsáideann meáin éagsúla priontála, cláir agus feidhmchláir sa láthair ghnó srl.) agus déanfar measúnú orthu sin ar an mbealach céanna is a dhéantar réimsí eile clár an Teastais Shóisearaigh a scrúdú.

Ceann de na fadhbanna ó thaobh a bheith ag déileáil le réimse an IT sna scoileanna dara leibhéal ná an cineál eile ríomhairí atá iontu cheana agus an méid tionchair a bheadh ag córais oibriúcháin ríomhaireachta neamhoiriúnacha. Tá gné chaighdeánach amháin, áfach, atá coitianta sna ríomhairí ar fad inár scoileanna faoi láthair agus don am atá amach romhainn – sé sin go bhfuil an méarchlár QWERTY in úsáid acu ar fad mar atá sna clóscríobháin ar fad – láimhe, leictreach agus leictreonach.

Méarchlárú

Beidh rogha méarchlárú ar thairiscint. Táthar ag súil sna blianta atá amach romhainn go gcuirfidh níos mó agus níos mó scoileanna, ach na hacmhainní a bheith acu, taithí phraiticiúil i ríomhairí ar fáil á gcuid mac léinn. Mar gheall go n-aithnítear an gá atá le scileanna oiliúna sa mhéarchlárú mar bhonn le húsáid éifeachtach ríomhaireachta cuireann Staidéar Gnó méarchlárú san áireamh mar rogha sna blianta tosaigh den Teastas Sóisearach, táthar ag súil, áfach, go gcuirfear níos mó agus níos mó béim ar fheidhmiú praiticiúil de réir mar a imíonn na blianta.

Bheadh ar chumas roinnt scoileanna, go háirithe iad siúd a bhfuil clár Rúnaíochta bunaithe acu cheana féin an ghné méarchlárú den chlár a fheidhmiú as a gcuid acmhainní trealamh

agus scileanna múinteoireachta reatha. Mar sin féin, tá scoileanna ann nach ndéanann é sin faoi láthair. D'fhéadfaí na féidearthachtaí seo a leanas a bhreithniú sna cásanna sin nach bhfuil trealamh ar fáil.

1. Cé nach bhfuil sé sin idéalach d'fhéadfadh mic léinn méarchlárú a fhoghlaim ina mbeirteanna m.sh. beirt ar mhéarchlár ag athrú go rialta. Beidh ríomhairí/méarchláir ag roinnt mic léinn sa bhaile agus d'fhéadfaí seisiúin chleachtais a spreagadh dóibh siúd.

2. Beidh roinnt acmhainní ríomhaireachta ag roinnt mhaith scoileanna, déanamh difriúil ar chuid acu b'fhéidir - á gcuirfí iad sin ar fad le chéile in aon áit amháin d'fhéadfadh sé go mbeadh líon inmharthana méarchlár ar fáil a thabharfadh údar le rogha méarchlárú a thairiscint.

3. D'fhéadfaí úsáid éifeachtach a bhaint as clóscríobháin láimhe le méarchlárú a theagasc.

4. Tá deiseanna ann do scoileanna áitiúla dul i gcomhar le chéile chun acmhainní fisiciúla agus teagaisc atá gann a úsáid. D'fhéadfadh sé go mbeadh trealamh ag scoil nach bhfuil mórán úsáid á bhaint as, d'fhéadfaí é sin a roinnt le scoil áitiúil atá ag teagasc an ábhair sin agus d'fhéadfaí malartuithe a bheadh ina mbuntáiste do gach aon scoil a bhreithniú.

5. D'fhéadfaí urraíocht áitiúil a lorg do threalamh a chuireadh le forbairt scileanna a rachaidh chun leasa d'eagraíochtaí tráchtála ar deireadh.

6. Sa chás go bhfuil trealamh neamhdhóthanach ann le clár iomlán méarchlárú a chur ar fáil do rang b'fhéidir go bhféadfaí é a eagrú ar bhonn féinteagasc deonach - tá "teagascóirí clóscríobh" ar fáil ar na ríomhairí atá ar fáil sna scoileanna i láthair na huaire, Apple, BBC, Commodore, IMB, agus IMB Compatibles ar thart ar £30 a d'fhéadfaí a úsáid lasmuigh den ghnátham ranga. Déanann an chuid is mé de na cláir measúnú freisin ar dhul chun cinn an úsáideora, a léiríonn leibhéal cruinnis agus luas

an mhéarchlárú – éilíonn roinnt de na cláir go mbainfí íos-chaighdeán amach sula ligfí an mac léinn ar aghaidh go dtí an chéad cheacht eile.

Acmhainn Teagaisc

1. Arís d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon deacracht ag roinnt scoileanna leis an réimse seo mar go bhfuil múinteoirí Staidéar Gnó acu cheana féin ag a bhfuil cáilíochtaí teagaisc i réimsí na clóscríbhneoireachta/méarchlárú.

2. Sa chás nach bhfuil an scil seo ar fáil go "hinmheánach" d'fhéadfaí na moltaí seo a leanas a bhreithniú.

   (a) D'fhéadfadh na múinteoirí an teagascóir clóscríbhneoireachta a úsáid iad féin b'fhéidir i gcomhar le téacsleabhar maith méarchlárú le scil méarchlárú a fhorbairt go caighdeán dóthanach leis an teicníc cheart a léiriú ag luas réasúnach;

   (b) Is féidir cúrsaí áitiúla agus/nó náisiúnta a eagrú le cuidiú leis na múinteoirí anseo:

   (c) D'fhéadfadh brainsí Cumann Mhúinteoirí Staidéar Gnó cúrsa áitiúil a chur ar fáil dá gcuid comhaltaí féin le tacaíocht dhíreach ón Roinn Oideachais;

   (d) San áit nach bhfuil ceachtar de na roghanna thuas ar fáil/tarraingteach, féadfaidh bainistíocht na scoileanna acmhainní teagaisc pháirtaimseartha ag a bhfuil cáilíochtaí teagaisc sa chlóscríbhneoireacht cheana féin a úsáid – ón mbliain 1978 tá Dioplóma Múinteora sa Chlóscríbhneoireacht bronnta ag an Roinn Oideachas ar os cionn 2,000 duine, beadh gach uile dhuine acu sin inniúil agus bheadh roinnt mhaith acu ar fáil i rith an lae leis an gcaighdeán scile atá riachtanach a theagasc do mhic léinn an Teastais Shóisearaigh.

(e) D’fhéadfadh sé go mbeadh spéis ag gnóthas/eagraíocht áitiúil/Comhlachas Tuismitheoirí is Múinteoirí (PTA) airgead/daoine a chur ar fáil le teagasc sa méarchlárú a chur ar fáil do mhic léinn an Teastais Shóisearaigh – bhí roinnt mhaith acu ag iarraidh an scil seo a theagasc ag leibhéal na Sraithe Sóisearaigh;

(f) D’fhéadfadh sé go gcuideodh acmhainní múinteora a roinnt le cur an méid is féidir leis na cláir in dhá scoil áitiúil nó níos mó.

An Ríomhaire

Aithnítear go gcuireann acmhainní reatha, ábhar agus múinteoir araon, sriantaí ó thaobh déileáil le ríomhairí. Ag meabhrú, áfach, go bhfuil ríomhaire agus printéir curtha ar fáil do gach scoil dara leibhéal d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith mar fhócas d’íosriachtanais sa bhliain 1992.

Ag glacadh leis go gcuireann acmhainní srianta ar sholáthar scrúdú praiticiúil, d’fhéadfaí an méid seo a leanas a chur san áireamh sa scrúdú scríofa mar bhonn do mheasúnú.

Má thugtar léaráid nó pictiúr ríomhaire don mhac léinn an bhfuil ar a chumas lipéad a chur ar an méid seo a leanas:

Aonad Fístaispeána; Méarchlár; Printéir.

Má thugtar pictiúr/léaráid do mhéarchlár caighdeánach agus trí eochair glanta amach don mhac léinn, an bhfuil ar a chumas na heochracha atá ar iarraidh a aithint?

An bhfuil ar chumas an mhic léinn idirdhealú a dhéanamh idir:

Príomhchuimhne agus cuimhne thánaisteach (m.sh. diosca bog) Crua-earraí agus bogearraí.

Cad é an critéir a chuireadh mac léinn i bhfeidhm nuair atá ríomhaire á ceannach?
An bhfuil ar chumas na mic léinn samplaí a thabhairt de IT sa bhaile, san oifig, i gcúram sláinte, sa mhonarcha, srl.

Ardleibhéal (sa bhreis)
An bhfuil ar chumas mic léinn, tar éis dóibh cur síos a fháil maidir le dhá ríomhaire, na buntáistí a bhaineann le ceann seachas ceann eile a thabhairt i dteanga atá soiléir. Beadh na nithe seo i measc nithe eile atá san áireamh sa chur síos

Cuimhne m.sh. 32K 64K 20 MB
Ag teacht le IBM nó PC
Monatóir daite
Diosca singil: dé-dhiosca: Diosca crua: caiséad
Bogearraí saor in aisce: pacáiste lánpháirtithe
An luchóg.

Ba chóir go mbeadh ar chumas na mic léinn an méid seo a leanas a aithint agus/nó cur síos a dhéanamh air.

Méarchlár
Aonad Fístaispeána
Cuimhne - Beart
An Príomhchuimhne agus Cuimhne Thánaisteach
Caiséad
Diosca Bog
Diosca Crua
Printéir
Stáisiún Oibre
Bogearraí Bunachar Sonraí
Próiseáil Focal
Scarbhileog
Cumarsáid
Postchumasc

Móidéim
An luchóg.
Seirbhísí IT Telecom Éireann do ghnó.

Acmhainní Theicneolaíocht Faisnéise:

Is é ár dtuairim go bhfuil na cláir thráchtála ríomhaireachta ardleibhéil sa réimse párolla/leabharchoimeád/cuntasaíochta go ginearálta ró-chasta agus dofheicthe sa bhealach ina n-oibríonn siad le go mbeadh aon fhiúntas dearfach teagaisc ag baint leo do mhic léinn na Sraithe Sóisearaigh. Ní mór na prionsabail atá mar bhonn taca leis na cláir sin a teagasc i bhformáid láimhe atá simplithe ionas go mbeidh ar chumas na mic léinn na próisis, cúiseanna agus úsáidí atá le taifeadchoimeád go ginearálta a thuiscint.

Ní chiallaíonn sé sin nach féidir clár simplí ríomhaireachta a úsáid mar áis teagaisc agus mar bhealach lena léiriú cén fáth go gcoinnítear an chuid is mó de thaifeadchoimeád gnó tráchtála, roinnt líonta tí agus clubanna le cuidiú na gcóras ríomhaireachta.

Mar sin féin tá trí chineál clár ann ar féidir iad a úsáid réasúnta éasca do Chlár an Teastais Shóisearaigh (faoi réir trealamh srl.) agus is scarbhileog, bunachar sonraí agus próiseálaí focal atá i gceist. Is minic gur i bpacáiste “lánpháirtithe” a thagann na cláir sin rud a chiallaíonn go mbíonn an deis an t-eolas atá i gcineál amháin m.sh. scarbhileog a úsáid sna feidhmchláir eile. Sampla den chineál sin pacáiste is ea “Appleworks” a bhí san áireamh sa soláthar deiridh “Apples” do scoileanna a chuir an Roinn Oideachais ar fáil. Tá an cineál céanna pacáistí “lánpháirithe” ar fáil do gach cineál eile ríomhairí atá á n-úsáid sna scoileanna ar phraghas atá an-réasúnach £30-£50. Is iad na buntáistí lárnacha oideachais atá ag na cineáil sin pacáistí:

1. Nuair a thuigeann na mic léinn "meicnící" agus creat na gclár sin beidh siad in ann iad a chur i bhfeidhm i roinnt mhaith gnéithe den chlár Staidéar Gnó leasaithe - comhdú, taifeadchoimeád, méarchlárú. Ina theannta sin tugann an t-eagrú agus an phleanáil atá riachtanach le bunachar sonraí ábhar nó feidhmchlár éifeachta scarbhileog Taifead/Leabharchoimeád a chur le chéile an tuiscint do na mic

maidir leis an gcineál ríomhaireachta agus smaointeoireacht atá riachtanach i ríomhchlárú gan teangacha ríomhchlárúcháin sainfheidhmithe atá casta a fhoghlaim.

2. Go hiondúil bíonn an cineál struchtúr céanna oibriúcháin agus orduithe céanna ag na feidhmchláir ar fad atá sa phacáiste. Tá sé sin úsáideach don mhúinteoir agus don mhac léinn mar go simplíonn sé ualach an teagaisc rud a chiallaíonn go mbíonn ar chumas an mhac léin agus ar chumas an mhúinteora a theacht isteach níos tapa ar na pointí teicniúla agus leanúint ar aghaidh le feidhmchláir lánpháirtithe ar leith atá níos fiúntaí a fhorbairt;

3. Tá taithí/baint amach i réimsí na ríomhaireachta ina fachtóir inspreagthach atá an-chumhachtach i réimse an oideachais do mhic léinn a thuigeann go dtugann;

4. Scil in úsáid cláir bunachar sonraí/scarbhileog/próiseáil focal/graificí bonn do mhic léinn agus do mhúinteoirí feidhmchláir a fhorbairt in ábhair agus i réimsí eile laistigh agus lasmuigh de shaol na scoile araon. Freastalaíonn sé sin ar an iliomad aidhmeanna atá leagtha amach don siollabas nua, go háirithe 2.1.4. agus 2.1.3 ar leathanach 3.

AGUISÍN

SIOLLABAS STAIDÉAR GNÓ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

ACMHAINNÍ

Níor chóir déileáil leis an liosta seo mar liosta iomlán.

ÁBHAIR:

Tá siad sin comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

Téacsleabhair agus leabhair eile; Nuachtáin; Doiciméid – Gnó agus Airgeadas; Cláir Ríomhaireachta; Trédhearcáin; Sleamhnáin; Físthéipeanna; Cairteacha; Raidió agus Teilifís.

Téacsleabhair: Oiriúnach le fíricí bunúsacha a thabhairt. Níor chóir iad a úsáid in ionad an mhúinteora.

Leabhair Eile: Oiriúnach le haghaidh obair thionscadail agus le haghaidh taighde. Ba chóir treoirlínte soiléire a thabhairt do na mic léinn maidir lena n-úsáid.

Nuachtáin: (Áitiúil agus Náisiúnta) Oiriúnach do:

(a) Le hábhar a chur i láthair;

(b) Leabhar gearrhóg maidir le hábhair a chur le chéile;

(c) Obair thaighde na mac léinn;

(d) Tar éis scéil a bheith i mbéal an phobail, m.sh. cúiseanna stailce, idirghabhálaithe, toradh;

(e) Cineáil oibre.

Doiciméid - Gnó agus Airgeadas: Oiriúnach do:

(a) Comhlánú ceart den ábhar céanna a theagasc;

(b) Eolas áirithe a bhaint amach m.sh.

Foirm Thogra Árachais/Iasachta Bainc

Foirm Iarratais – cén t-eolas a bheidh á lorg ag an gCuideachta Árachais agus ag an Bhainc.

Cláir Ríomhaireachta:	Oiriúnach le haghaidh bealaí nua-aimseartha a léiriú le heolas a chur le chéile agus a phróiseáil, m.sh. ullmhú tuarastail; rialú stoic, comhdú, srl.
Trédhearcáin:	Oiriúnach le pointí áirithe a léiriú. D'fhéadfadh úsáid dath cur le spéis an mhic léinn. D'fhéadfadh úsáid forleagain léiriú a dhéanamh ar an bealach ina ndéanann rud éigin dul chun cinn.
Sleamhnáin: Scannán a aisiompú?	Ceannaithe nó déanta sa bhaile. Níos mó spreagadh ag baint le amharcláithreoireacht
Físeáin/Téipeanna:	Rachaidh an cineál seo cur i láthair i bhfeidhm ar mhic léinn atá ag maireachtáil i ré na Teilifíse agus an bhfíseán. Féadfar físeáin oiriúnacha a úsáid le hábhar a chur i láthair nó a thabhairt chun críche. Ba chóir go mbeifí ag súil go scríobhadh na mic léinn cuntas nó go bhfreagródh siad ceisteanna maidir leis an méid a fheiceann siad.
Cairteacha; Crochadáin	Ceannaithe, nó curtha le chéile ag an múinteoir nó ag na mic léinn. Is minic go mbíonn mic léinn in ann iad féin a chur i láthair i bhfoirm pictiúr seachas i bhfoirm focal. Níor chóir go ndéanfaí rónochtadh ar chairteacha.
Raidió/Teilifís	D'fheádfadh cláir oiriúnacha spreagadh a thabhairt do rang

PEARSANRA

San áireamh faoin gceannteideal seo bheadh múinteoirí eile, m.sh. Múinteoir Gairmthreorach; saineolaithe ón taobh amuigh - Duine atá i mbun Gnó; Oifigeach ón mBanc; Máistir Poist; Ionadaithe ón gComhar Creidmheasa/Cumann Foirgníochta; Oifigigh Ceardchumainn; Bróicéirí Árachais, srl., srl.

(N.B. TÁ ULLMHÚCHÁN CEART RIACHTANACH NUAIR ATÁ CAINTEOIR ÓN TAOBH AMUIGH AG TEACHT).

TAITHÍ

Múinteoir		Cás-staidéir simplí m.sh. ag fáil árachais; ag ceannach cairr; Fadhbanna tomhaltóra.
Mic Léinn:	(a)	A dtaithí féin, m.sh. Fadhbanna tomhaltóra; úsáid airgead póca.
	(b)	Imirt Ról – Bainisteoir Bainc/Cliant; Bainisteoir Siopa/Custaiméara.
	(c)	Ag bunú club – an taithí a bhaineann le cruinniú a thionóil; taifid a choimeád.
	(d)	Ag bunú Banc sa Scoil; Comhar Creidmheasa, Mion-Chuideachta, srl., Comórtais.
	(e)	Coistí speisialaithe.
	(f)	Ag déanamh taighde/ag tabhairt cuairte ar mhonarchana.

AG FÁIL ACMHAINNÍ ÓN TAOBH AMUIGH

	Institiúid	Acmhainn
1.	Gníomhaireachtaí Airgeadais Áitiúla	Doiciméid/Cainteoirí
2.	Irish Banks Information Teach Nassau, Sráid Nassau, Baile Átha Cliath 2.	(a) Físeáin/Leabhrán/Cainteoirí ar Bhaincéireacht. (b) Leabharchoimeád & Taifid i ngnólacht beag.
3.	P.M.P.A., Sráid Wolfetone Baile Átha Cliath 1.	Cairt Árachais
4.	A.C.C., Teach A.C.C., Sráid Upper Hatch, Baile Átha Cliath 1.	Coigiltis, Cairt Conas & Cén Fáth
5.	Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann 45 Upper Mount Street, Baile Átha Cliath 2.	Iris maidir le Rogha an Tomhaltóra
6.	Ceann Cheathrú an I.D.A. Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.	Treoir maidir le gnólacht beag a thosaigh suas agus a reáchtáil.
7.	Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa Castleside Drive, Ráth Fearnáin.	Leabhrán: An Comhar Creidmheasa & Tusa
8.	Irish Film Institute, An Leabharlann: Sráid Eustace, Baile Átha Cliath 2.	Scannáin: “Nósanna Imeachta Scannánaíochta Fitting the Job to the Worker
9.	ICIU/O'Brien Press, 20 Bóthar Victoria, Baile Átha Cliath 6.	Leabhar "Understanding Trade Unions Yesterday and Today
10.	Oifig Gnóthaí Tomhaltóirí, 13 Sráid Hume,	Leabhráin agus Tuarascálacha.

	Baile Átha Cliath 2.	
11.	Cónaidhm Árachais na hÉireann Teach Russell, Cúirt Russell, 10 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.	Eolas maidir le hÁrachas - Conas éileamh a dhéanamh.
12.	Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann Teach I.P.C., 35/39 Bóthar Shelbourne, Baile Átha Cliath 4.	Cód Fógraíochta Caighdeáin Fógraíochta
13.	Banc Uladh 33, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2.	Small Business Digest, Seiceanna samplacha de réir líon Iarr Sonrasc.
14.	Córas Tráchtála, Merrion Hall, Bóthar na Trá, Dumhach Thrá Baile Átha Cliath 4.	Tuarascálacha Bliantúla, Leabhráin, Cainteoirí.